M8

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2004***

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 2

180 MARC

**Aoine**
**11 Meitheamh**
**Maidin, 9.30 go dtí 12.50**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

*Nóta*: Tá rogha idir **AN CÚRSA AINMNITHE** agus **AN CÚRSA ROGHNACH**.

***Má roghnaíonn tú AN CÚRSA AINMNITHE freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ceist 1*** | **A** | PRÓS AINMNITHE |
| ***Ceist 2*** | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** *nó* **D** |
| ***Ceist 3*** | **A**<br>**C** | FILÍOCHT AINMNITHE AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| ***Ceist 4*** | | STAIR NA GAEILGE |

***Má roghnaíonn tú AN CÚRSA ROGHNACH freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ceist 1*** | **B** | PRÓS ROGHNACH |
| ***Ceist 2*** | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** *nó* **D** |
| ***Ceist 3*** | **B**<br>**C** | FILÍOCHT ROGHNACH AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| ***Ceist 4*** | | STAIR NA GAEILGE |

# *Ceist 1*

## PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) ***nó*** **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

| **A** | – PRÓS AINMNITHE – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)**.

**(a)** "Is cumasach an léiriú a dhéantar ar an gcaidreamh idir an buachaill óg agus (i) Daideo, **agus** (ii) Máire Bhán, sa ghearrscéal, *Amuigh Liom Féin*."
Déan plé **gairid** air sin. (25 mharc)

***nó***

Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear an chaoi a dtéann fadhbanna an duine óig i bhfeidhm ar an gclann ar fad sa sliocht as an úrscéal, *Gafa*. (25 mharc)

**(b)** Maidir leis an dráma, *An Lasair Choille*, déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ar an smacht a choinníonn Micil ar Shéamas ó thús deireadh an dráma. (15 mharc)

***nó***

Maidir leis an dráma, *An Lasair Choille*, déan plé **gairid** ar an mbuntéama ann **agus** ar an ngné is mó den dráma a chuaigh i bhfeidhm ort féin. (15 mharc)

| **B** | – PRÓS ROGHNACH – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)**.

**(a)** Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear an caidreamh idir na príomhphearsana ann.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (25 mharc)

***nó***

Maidir le sliocht as úrscéal (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an gcaoi a dtéann a gcuid mothúchán i bhfeidhm ar **bheirt** de na pearsana ann.

[Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (25 mharc)

**(b)** Maidir le sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ar thréith **amháin** a bhaineann le príomhphearsa an dráma.

[Ní mór teideal an dráma sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (15 mharc)

***nó***

Maidir le sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an mbuntéama ann **agus** ar an ngné is mó den dráma a chuaigh i bhfeidhm ort féin.

[Ní mór teideal an dráma sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (15 mharc)

# Ceist 2

## PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN DE **A** ***nó*** **B** ***nó*** **C** ***nó*** **D** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall).

| **A** | – GEARRSCÉALTA – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)**.

**(a) SCOTHSCÉALTA** (40 marc)

(i) "Is minic i scéalta Phádraig Uí Chonaire a bhíonn cur i gcéill i gceist agus gur brónach an toradh a bhíonn ann dá bharr."
É sin a phlé i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *An Bhean a Ciapadh; Beirt Bhan Misniúil; An Bhean Ar Leag Dia Lámh Uirthi.*

***nó***

(ii) "Tá sárléiriú le fáil i gcuid de na scéalta sa leabhar seo ar ghliceas na mban."
É sin a phlé i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *Teatrarc na Gaililí; Neil.*

**(b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an gcaidreamh a bhíonn idir na príomhphearsana ann agus ar an toradh a bhíonn ar an gcaidreamh sin eatarthu.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) Maidir leis an bpríomhphearsa i ngearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an léiriú a dhéantar ar thréith **amháin** a bhaineann leis an bpearsa sin agus ar an gcaoi a ndeachaigh an tréith sin i bhfeidhm ar na pearsana eile sa ghearrscéal sin.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

| **B** | – ÚRSCÉALTA – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)**.

**(a) MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)

(i) "Is spéisiúil an phearsa é Gilbert agus an chaoi a sníonn sé a bhealach isteach i saol agus i smaointe Mháire agus Sheoirse."
Déan plé ar an bpáirt thábhachtach atá ag Gilbert san úrscéal seo.

***nó***

(ii) "Is mór idir an saol a bhí ag Máire ina hóige agus an saol a bhí aici i mBéal Feirste."
É sin a phlé.

**(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, roghnaigh pearsa **amháin** ann agus déan plé ar an bpáirt a ghlac an phearsa sin ann agus ar an tábhacht a bhaineann leis/léi i bhforbairt an scéil.

[Ní mór teideal an úrscéil a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) "Is minic léiriú cumasach in úrscéal ar na dea-thréithe agus ar na drochthréithe a bhaineann leis an duine."
An ráiteas sin a phlé maidir le **beirt** de na pearsana atá san úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.

[Ní mór teideal an úrscéil a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## C – DÍRBHEATHAISNÉISÍ – 40 marc

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)** anseo.

**(a) A THIG NÁ TIT ORM** (40 marc)

(i) "Agus duine ag cuimhneamh siar ar a s(h)aol, is minic a fheictear dó/di go raibh sé/sí thuas seal agus thíos seal."
Déan plé ar an léiriú a dhéanann Maidhc Dainín ar an **dá** sheal sin agus ar an tionchar a bhí ag na sealanna sin air.

***nó***

(ii) Maidir le **beirt** de na daoine ar bhuail Maidhc Dainín leo i Meiriceá (nó i Sasana), déan plé ar an gcaoi ar chabhraigh an bheirt sin leis chun an saol agus nádúr an duine a thuiscint.

**(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH** (40 marc)

(i) "Agus duine ag cuimhneamh siar ar a s(h)aol, is minic a fheictear dó/di go raibh sé/sí thuas seal agus thíos seal."
Déan plé ar an léiriú a dhéantar sa dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi ar an **dá** sheal sin agus ar an tionchar a bhí ag na sealanna sin ar údar na dírbheathaisnéise sin.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) Maidir le **beirt** de na daoine ar bhuail údar na dírbheathaisnéise roghnaí leo, déan plé ar an gcaoi ar chabhraigh an bheirt sin leis/léi chun an saol agus nádúr an duine a thuiscint.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## D – DRÁMAÍ – 40 marc

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)** anseo.

**(a) AN TRIAIL** (40 marc)

(i) "Is iad na mionphearsana is mó a léiríonn suáilcí **agus** duáilcí an duine sa dráma seo."
Déan plé ar an ráiteas sin i gcás do rogha **beirt** de na mionphearsana seo a leanas: Bean Uí Chinsealaigh, Mailí, Liam Ó Cathasaigh, Seáinín an Mhótair.

***nó***

(ii) Déan plé ar an gcaoi a n-éiríonn (nó nach n-éiríonn) leis an údar an choimhlint ghéar atá in intinn Mháire a chur i gcion ar an lucht féachana.

**(b) DRÁMA ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan trácht ar **bheirt** de na mionphearsana ann agus déan plé ar an bpáirt a bhí acu i gcur chun cinn phríomhthéama an dráma.

[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an gcaoi a n-éiríonn (nó nach n-éiríonn) leis an údar coimhlint atá in intinn duine **amháin** de na príomhphearsana a chur i gcion ar an lucht féachana.

[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

# *Ceist 3*

## FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** **B** (Filíocht Roghnach) **agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

### A – FILÍOCHT AINMNITHE – **35 mharc**

Freagair **(a)** atá thíos ***agus*** **(b)** atá thall.

**(a)** (i) Cad é príomhthéama an dáin, *Mac Eile Ag Imeacht* (thíos), dar leat? Déan plé **gairid** ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán seo. (12 mharc)

(ii) Úsáideann an file na focail, 'tús' agus 'deireadh', sa dán seo. Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaintear as na focail sin ann. (8 marc)

**MAC EILE AG IMEACHT**

Cuirfimidne chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiomáinfidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá go treallach míloighciúil
A mheilfimíd an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheidh aige thall
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

Gealgháireach fuadrach a bheidh
Na strainséirí inár dtimpeall.
Ní bhacfaimid le cupán caife,
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.

***nó***

(i) "Cé gur amhrán grá é, *Bríd Óg Ní Mháille* (thíos), ní mórán sásaimh atá le fáil air mar amhrán grá toisc go bhfuil sé deacair an caidreamh idir an file (cainteoir) agus Bríd Óg a thuiscint."
É sin a phlé. (12 mharc)

(ii) Déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file (cainteoir), dar leat, as do rogha **ceann amháin** díobh seo a leanas:
dúlra; íomhánna; friotal. (8 marc)

**BRÍD ÓG NÍ MHÁILLE**

A Bhríd Óg Ní Mháille, 's tú d'fhág mo chroí cráite
's chuir tú arraingeacha báis trí cheartlár mo chroí;
tá na mílte fear i ngrá led éadan ciúin náireach
's go dtug tú barr breáchta ar Thír Oireall' más fíor.

Níl ní ar bith is áille ná grian os cionn gairdín
nó bláth bán na n-airne bhíos ag fás ar an draighean;
mar siúd a bhíos mo ghrá-sa le deise 's le breáchta,
a chúl tiubh na bhfáinní a bhfuil mo ghean ort le bliain.

Is buachaill deas óg mé 'tá ag triall chun mo phósta
's ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian;
a chuisle 's a stórach, faigh réidh is bí romhamsa
go déanach Dé Domhnaigh ar bhóithrín Droim Chliabh.

Is tuirseach 's is brónach a chaithimse an Domhnach,
mo hata 'mo dhorn 's mé ag osnaíl go trom,
's mé ag amharc ar na bóithre a mbíonn mo ghrá geal ag góil ann
's í ag fear eile pósta 's gan í a bheith liom.

**(b)** Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), déan plé **gairid** ar an easpa réitigh (neamhréiteach) in aigne an fhile idir an briseadh nó an milleadh sa chéad chuid den dán agus an tógáil sa chuid dheireanach de. (15 mharc)

***nó***

Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:
mothúchán; meafar; friotal; íomhá; atmaisféar; (15 mharc)

**TREALL**

Tabhair dom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
’gus urláir
de na ballaí
go dtiocfaidh scraith
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais –

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo –

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

| **B** | – FILÍOCHT ROGHNACH – | **35 mharc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)** anseo.

**(a)** (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh an príomhthéama ann, dar leat, agus déan plé **gairid** ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama ann. (12 mharc)

(ii) Déan plé **gairid** ar ghné éigin den dán a thaitin (nó nár thaitin) leat agus ar na cúiseanna ar thaitin (nó nár thaitin) an ghné sin leat. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin a scríobh síos go cruinn, mar aon le hainm an fhile.]

***nó***

(i) Maidir le 'seandán', dán a cumadh in aois eile, (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh cén aidhm, dar leat, a bhí ag an bhfile an dán sin a chumadh agus déan trácht **gairid** ar an gcaoi ar éirigh (nó nár éirigh) leis an bhfile an aidhm sin a chur i gcrích. (12 mharc)

(ii) Déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **ceann amháin** díobh seo a leanas sa dán sin:
dúlra; meafair; samhlacha; íomhánna; eachtra; friotal. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an fhile.]

***nó***

**(b)** Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** nó **fear** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, luaigh **dhá cheann** de na mothúcháin is mó atá le brath ar an dán sin. Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an **dá** mhothúchán sin sa dán **agus** scríobh nóta **gairid** ar an gcaoi a ndeachaigh na mothúcháin sin i bhfeidhm ort féin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an fhile.]

***nó***

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** nó **fear** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:
meafair; samhlacha; friotal; íomhánna; atmaisféar; simplíocht (nó castacht); athrá; codarsnacht (contrárthacht). (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an fhile.]

Freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

## **C** – DÁNTA DUALGAIS BREISE – **35 mharc**

Freagair **(a) nó (b)** anseo thíos.

**(a)** Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) "Déantar léiriú an-chumasach ar chás na mná sa dán, *Labhrann Deirdre* (thíos)."
É sin a phlé. (20 marc)

(ii) Scríobh nóta **gearr** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as dathanna agus as rudaí a chuireann dathanna in iúl sa dán seo. (9 marc)

(iii) Deirdre féin atá ag caint sa dán seo. Cén chaoi a dtéann sé sin i bhfeidhm ar an dán, dar leat? Is leor **dhá** phointe a phlé anseo. (6 mharc)

**LABHRANN DEIRDRE**

Ar bhruach na coille
Chonac ag dul tharam
An triúr laoch
Dob áille dealbh,
Is do lean mo chroí-se
An té dob fhearra,
Cé go rabhas-sa snaidhmthe
Le rímhac Neasa.

A Naois' mhic Uisnigh,
A réalt chatha,
Ba bheo do ghrua
Ná an fhuil sa tsneachta,
Mar sciath an fhéich
Bhí do dhlúthfholt daite,
Is ceann Chonchúir
Féna ualach seaca.

I bpálás Eamhna
Tá tinte ar lasadh,
Is grianán scáileach
Romham tá ceaptha,
Is seanóir liath
Ann a d'fhanann
Ná luífead go brách
Len' ais mar leannán.

Cá tairbhe domhsa
Staonadh feasta
Ó tá i ndán dom
Ulaidh a chreachadh?
Raghadsa, a ghrá,
Ag éalú leatsa,
Sara gcloífead le fear
Is sine ná m'athair.

A bhean sa chúinne,
Éir' it sheasamh
Is gléas orm gúna
Den tsróll dearg;
Le lásaí óir
Beidh mo bhróga ceangailte
Ag siúl lem stór
Thar bhánta an earraigh dom.

***nó***

**(b)** Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) "Tá an fhearg agus an brón le brath ar an dán, *Donncha Bán* (thíos), ach is láidre go mór an chaoi a dtéann an fhearg i bhfeidhm orainn ná an brón."
É sin a phlé. (20 marc)

(ii) Nóta **gairid** uait faoin 'athrá' sa dán. (6 mharc)

(iii) Scríobh nóta **gairid** faoi mheadaracht an dáin agus léirigh an mheadaracht a bhaineann le do **rogha véarsa**. (9 marc)

**DONNCHA BÁN**

Nach ciúin is nach ciúin í an oíche,
ach nach ciúin arís iad mná do chaointe!
ceann an chláir folamh 's a lár líonta
agus Donncha Bán 'na bhradán sínte.

Tá mé ag teacht ar feadh na hoíche,
mo bhrollach foscailte 's mo ghruaig liom scaoilte
ag aisling a bhuail mé 's a d'fhága mé cloíte,
go raibh Donncha Bán ar an gclár á chaoineadh.

Thug mise léim go bruach an locha
's an dara léim go lár an droichid,
an tríú léim go bun na croiche
's bhí Donncha Bán 's an ceann á scoith' dhe.

A Dhonncha Bháin, a dheartháir dhílis,
is maith 'tá a fhios agam cad é bhain díom thú
ag ardú an chupáin 's ag deargadh an phíopa
's ag siúl an drúchta go mall san oíche.

A Dhonncha Bháin, níorbh í an chroch ba dhual duit
ach a dhul ar an turlach 's an báire a bhualadh,
na mná a bheith ag féachaint ar do chúl bán gruaige
's tú a theacht abhaile mar mhac duine uasail.

Dá mbeifeá agamsa san áit ba chóir dhuit,
idir Caisleán an Bharraigh 'gus Baile an Róba,
bhéarfaí ar an sirriam agus dhéanfaí feoil de
agus ligfí Donncha Bán abhaile ar an eolas.

A Mhic Uí Mhaol Chróin, ná raibh séan ort,
ná raibh d'iníon ag iarraidh spré ort.
Ná raibh do chlann mhac i bhfochair a chéile-
's tú bhain mo dheartháir dhíom a bhí geal gléigeal.

Thug tú d'éitheach, a scúille an mhí-ádha.
Ní lao bó bradaí bhí in mo dheartháir
ach buachaillín cruinn deas ar chnoc 's ar chnocán;
's é bhainfeadh an swing go binn as camán.

Tá spré Dhonncha Bháin ag teacht abhaile
's ní ba ná caoirigh ná capaill
ach tobac is píopaí 's coinnle geala,
is ní á mhaíomh é ar lucht a gcaite.

# *Ceist 4*

## STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN díobh seo a leanas:

**(a)** Do rogha ***beirt*** díobh seo:-

Máire Mhac an tSaoi
Séamas Ó Néill
Caitlín Maude
Pádraig Mac Piarais
Máirtín Ó Direáin
Brian Merriman
Áine Ní Ghlinn
Séamas Ó Grianna ("Máire").

**(b)** Tionchar na Laidine **nó** na Lochlainnise **nó** na Fraincise ar an nGaeilge. (Is leor **trí** mhórphointe.)

**(c)** An Fhiannaíocht. (Is leor **trí** mhórphointe.)

**(d)** An Aisling Pholaitiúil. (Is leor **trí** mhórphointe.)

**(e)** Meath na Gaeilge sa naoú haois déag. (Is leor **trí** mhórphointe.)

**(f)** Do rogha ***dhá cheann*** díobh seo leanas: Foras (Bord) na Gaeilge; TG 4;
An Caighdeán Oifigiúil; An Ghaeltacht.

# Leathanach Bán